

AN GABHA NACH RAIBH I NDON TADA A DHÉANAMH ACH IARANN CÉACHTA

Sé an chaoi a raibh an gabha seo ní raibh sé i ndon aon bhlas a dhéanamh ach an t-iarann céachta. Nuair nach raibh sin le déanamh aige bhíodh a ucht leagtha ar an leath-dorus aige agus é a' breathnú amach. Bhí sé lá annsin a' breathnú amach agus chonnaic sé fear a' tigheacht ar marcaidheacht ar chapall bán. Tháinig an fear go dtí é agus labhair sé leis. "Is fearr dhuit cruithí iarann a chur ar an gcapall seo dhom" adeir sé. "Caithfidh sé" adeir an gabha, "gur strainséara thú, marach gurb eadh bheadh fhios agat nach bhfuil mise i ndon aon bhlas a dhéanamh ach iarann céachta. Nuair nach mbeidh sin le déanamh agam tá mé i mo chomhnuidhe." "Dá dtugta iasacht na ceardchan dom féin" adeir an strainséara, "chuirfinn féin an t-iarann suas." "Tiubhrad agus fáilte" adeir an gabha, "ní fearr liom ina comhnuidhe í."

Ní dhearna an strainséara annsin ach sábh beag a tharraingt as a phóca na cheithre cosa a ghearradh ó na glúine den chapall bán a bhí aige agus iad a thabhairt isteach sa gceardcha agus chaon phéire aca a sháthadh i n-aghaidh a chéile sa teine. Thosuigh sé a' séideadh na mbuilg annsin gur las an teine. Nuair a bhí sé sgathamh dá séideadh annsin agus go raibh sí dearg tharraing sé na cosa as an teine, 's ní fhaca aon fhear ariamh aon cheithre cinn de cruithí is breachte na na ceithre cruithí a bhí ar na cosa nuair a tharraing se as an teine iad. Thug sé amach annsin iad as an gceardcha agus leag sé suas iad leis an áit chéadna ar ghearr sé cheana iad den chapall. D'éirigh an capall suas de léim in a seasamh chó luath is leag sé na cosa uirthe, 's bhí na cosa 's na cruithí uirthe annsin. Ghlac sé buidheacht leis an ngabha agus d'imthigh sé leis.

"Dar fiadh" adeir an gabha nuair a bhí an strainséara imthighthe, "má tá sé cho éasgaidh sin cruithí a chur ar chapall is gearr a bhéas mo shean-chapall bán gan iarann a bheith uirthe." Chuaidh sé amach agus tugann sé sábh leis agus ghearr sé na ceithre cosa dá capall féin. Sháth sé sa teine iad an chaoi a bhfaca sé an fear eile dhá dhéanamh. Nuair a cheap sé go raibh siad an fhad thíos is a bhíodar ag an bhfear eile chuaidh sé a' breathnú ortha 's ní fhaca sé aon chrú orthab ná aon chosmhalacht leis.

Sháith sé síos aríst iad agus agus shéid sé na builg ní b'fhearr ná sin agus nuair a bhí siad tamall maith shíos aríst aige tharraing sé aníos aríst iad, agus sé an chaoi a raibh an méad a bhí sa teine díobh uilig dóighte.

Bhí sé dá mbrúgh síos annsin i gcomhnuidhe go raibh siad dóighte go dtí na glúine. Ní raibh le déanamh aige annsin ach éisteacht agus cailleadh an capall lá'r na bháireach.

Seachtain ón lá sin a dtáinig an strainséar aige tháinig strainséar eile aige ach ní raibh fhios aige gurb é an chéad fhear é, agus dhá sheanbhean an-aosta aige ar chapall, duine ar thosach agus duine ar chúlóig aige. D'fíafraigh sé den ghabha a raibh sé i ndon dhá chailín óg a dhéanamh den dá sheanbhean dó. "Ó" adeir an gabha, "níl mé i ndon aon bhlas a dhéanamh ach iarann céachta. "Dá dtugta iasacht na ceardchan dom féin" adeir an strainséar, "dhéanfainn féin é." "Tiubhrad agus fáilte" adeir an gabha.

Ní dhearna an fear annsin a raibhan dá sheanbhean aige ach dhá chloigeann na beirte a chur in aghaidh a chéile agus iad a sháthadh isteach sa teine. Thosuigh sé a' séideadh na mbuig annsin. Níor chuir siad blaoth ná béic astab an tine dhearg thimcheall orthab lasta. Nuair a bhí siad sáthach fada thíos cheap sé annsin orthab. Bhí an bheirt greamuighthe dhá chéile in aonduine amháin agus ní fhaca an gabha as afarc a dhá shúil ariamh aon bhean chomh breagh is bhí déanta den dá chailleach aige. Thosuigh an bhean óg ag gáirí. Ghlac an strainséar buidheachas leis an ngabha. Chuir sé an bhean óg ar a chúla ar an gcapall agus d'imthigheadar ar sriubhal.

Bhí dhá sheanbhean annsin ag an ngabha sa teach, a mháthair féin agus máthair a mhná, agus ba é a gceird a bheith a troid mar a bhíos cailleacha an domhain. "Nár bhreagh an suaimhneas dom-sa" adeir an gabha, "dá mbeadh bean óg agam i leabaidh an dá chailleach sin seachas iad féin a bheith a'troid le chéile ar chaon taobh den teine. D'fhaduigh sé teine bhreagh síos agus agus rug sé ar an dá chailleach agus sháith sé in aghaidh a chéile mar a chonnaic sé ag an bhfear eile sa teine iad. Thosuigh sé a séideadh na mbuig. Thosuigh na seanmhná a'sgreadach agus a' sgreachach chúns bhíodar i ndon go rabadar básuighthe leis an teine. Tharraing sé aníos iad agus ní raibh aon chosmhalacht orthab ach go raibh siad cailte, dóighte sa teine aige. Sháith sé síos annsin aríst iad a' ceapadh go dtiocfadh beochas uair eicint ionntab ach bhíodar dóighte sa deire aige go dtí an dá chois. Bhí fhios aige annsin nach ndéanfadh sé aon mhaith. "Thrí a ndearna mé ariamh" adeir an gabha, "tá an diabhal déanta anois agam. Sé mo chrochadh a déanfar anois" adeir sé, "siúrálta."

Chomh luath agus fuair sé an oidhche d'imthigh sé ón teach agus d'fhág sé an teach agus a raibh ann aige agus an ceardcha agus chuile rud. Agus ní hé an bóthar a rinne sé ach tríd na páirceanna faitchíos go bhfeicfeadh aonduine og imtheacht ón teach é. Bhí sé ag imtheacht go dtí trathnóna lá ar na bhárach a'teannadh ó na theach féin i gcomhnaidhe. Casadh buachaill beag leis annsin. Tháinig sé suas leis agus é cosnochtuighthe gan aon bhróg, agus d'fhiafraigh sé dó a dteastóchadh buachaill aimsire uaidh. "Is mé an fear céadna" adeir an gabha, "nach dteastuigheann sé uaidh mar is a'tóraidheacht áit aimsire mé féin." "Agus nach tusa an duine is mó a dteastóchadh sé uaidh" adeir an buachaill "a shaothróchadh rud dhuit nuair nach bhfuil tada cheana agat?" "Má tá a leithide sin ann" adeir an gabha, "sé a theastóchadh uaim mar nach bhfuil tada agam." "Mara saothraighe mise dhuit féin agus dom féin ní iarrfaidh mé aon bhlas ort." "Tá go maith" adeir an gabha.

"Well anois" adeir an buachaill, "tá duine uasal anois tinn ina léitheide seo d'áit agus tá ard-dochthúirí é cinnte orthu aon mhaith a dhéanamh dhó, agus tá dualgas ar bith a iarrfas aon aonduine a bheadh i ndon é a leigheas agus teirigh thusa ag an teach agus abair thusa go

bhfuil tú féin i ndon é a leigheas, ach ar a bhfaca tú ariamh ná teirigh isteach mara leigtear do bhuachaill beag in éinfheacht leat.

Nuair a tháinig siad ag cúirt an duine uasail seo annsin ní rabhadar sásta é a leigean isteach mar nach raibh aon chosmhalacht mhaith air le go mbeadh sé ina dhochtúr i ndon é a leigheas; ach sa deire dubhairt duine de mhuintir an duine uasail go raibh na dochtúirí ardnósacha tóruighthe acab agus nach rabh fhios nár bh'é seo ab fhearr.

Leigeadh isteach annsin é féin agus an buachaill beag, agus chuadar siar sa seomra a rabh an duine uasal tinn ann ina leabaidh agus dubhairt an gabha annsin nach mórán achair go mbeadh sé leigheasta acab. Dhúnadar an doras is níl duine ar bith annsin sa seomra ach an bheirt acab féin agus an duine a bhí tinn. Bhí áit teine sa seomra agus chuir an buachaill beag taosgán an phota d'uisge ar an teine gur fhiuch sé. Nuair a bhí sé fiuchta annsin tharraing sé sgian as a phóca agus chuaidh sé anonn sa leabaidh ag an duine uasal agus ghearr sé an cloigeann de. Chaith sé síos sa bpota a bhí a'fiuchadh an cloigeann agus nuair a bhí sé tamall, cheap sé, thíos agus é a' fiuchadh sa bpota i gcomhnuidhe aige tharraing sé spúnóg as a phóca agus chuir sé faoin gcloigeann thíos sa bpota agus chroch sé aníos é agus bhreathnuigh sé air agus bhí sé ceart annsin aige cheap sé. Chuaigh sé anonn annsin go dtí an áit ar ghearr sé an cloigeann cheana den duine uasal agus leag sé an cloigeann suas air agus ghreamuigh an cloigeann san áit chéadna a raibh sé cheana. Chomh luath is bhí an cloigeann greamuighthe ar an duine uasal chuir an duine uasal a shean-gháire as agus d'éirigh sé aniar sa leabaidh agus dubhairt sé nach raibh blas air. D'fhosgluigheadar an doras annsin agus tháinig gach uile dhuine dá mhuintir i ngoireacht dhó aníos a' breathnú air faoi cheann móiméid.

Dubhairt an duine uasal go raibh sé leigheasta. Níor leig an duine uasal as an teach iad go ceann seachtaine. Nuair a bhíodar ag imtheacht thug se lán mála d'airgead dóibh as ucht é a leigheas.

Is ar an mbuachaill beag a bhí an mála airgid agus an gabha a' siubhal gan tada agus nuair a bhí an trathnóna a' tigheacht dubhairt an buachaill go raibh a chosa tinn agus go mba cheart dó luach péire bróg a thabhairt dó as an airgead. "Is maith luath atá tú ag iarraidh luach bróg agus gan tú a'm ach seachtain agus gan aon bhróg ariamh cheana ort." Ní raibh sé a' tabhairt luach na mbróg dó annsin agus pé bí breathnú a thug sé ar an taobh eile bhí an buachaill beag imighthe. Nuair a bhreathuigh sé aríst é féin agus an mála agus an t-airgead.

Chuala an gabha annsin go raibh duine uasal eile tinn agus cheap sé go raibh sé féin i ndon dochtúireacht a dhéanamh air ach nuair a bhí sé ag teacht gar do theach an duine uasail seo annsin tháinig an buachaill beag cosnochtuighthe suas leis aríst agus dubhairt sé leis gan dul isteach mara leigtaoí é féin in éindigh leis. Nuair a fachtas a' teacht iad, an buachaill beag agus an gabha, bhí fáilte rompab mar bhí cáil orthab faoin duine uasal eile a leigheasadar cheana abhí cinnte ar chuile dhochtúr eile a leigheas.

Chuadar isteach is chuadar siar go dtí an áit a raibh an fear tinn agus rinne an buachaill beag an chaoi chéadna a rinne sé leis an duine uasal eile roimhe sin, agus nuair a bhí an duine uasal seo leigheasta thosuigh sé féin a'gáirí mar bhí an duine uasal eile. Bhí bród mór ar mhuintir an tighe annsin as ucht an duine uasal a bheith leigheasta acab. Coinnigheadh

tamall eile annsin iad agus nuair a d'fhágadar fuairadar lán mála d'airgead ón duine uasal as ucht é a leigheas. Agus nuair a bhíodar a' siubhal annsin agus an mála airgid ar an mbuachaill dubhairt an buachaill leis an ngabha go raibh a chosa tinn agus go mba cheart luach péire bróg a thabhairt dó. Dubhairt an gabha aríst go mbeidís luath go leor aige ach fé brí breathnú a rinne an gabha thairis, nuair a bhreathnuigh sé aríst ní raibh an buachaill beag ná tada le fágail aige.

Bhí an buachaill beag imthighthe. "Is cuma liom a'm nó uaim feasta é," adeir sé, "ní féidir nó go bhfuil mé féin i ndon iad a leigheas anois" adeir sé. Bhí cáileacht a dhochtúracht sa chuile áit nuair a bhí an bheirt duine uasal leigheasta aige.

Chuala sé annsin go raibh go raibh duine uasal eile annsin go dona agus bhí sé a' déanamh ar an teach agus nuair a fachtas a' tigheacht é bhí an-fháilte roimhe a' ceapadh go leigheasfadh sé é. Chuaidh sé siar san áit a raibh an tríomhadh duine uasal tinn. Chuir sé pota uisce a' fiucha ar an teine mar chonnaic sé an buachaill beag a dhéanamh. Nuair a bhí sé a' fiucha chuaidh sé go dtí an duine uasal agus ghearr sé an cloigeann de. Chaith sé síos sa bpota a bhí a' fiucha é agus nuair a bhí sé an fhad thíos is cheap sé a bhí sé ag an mbuachaill beag, fuair sé spúnóg agus chuaidh sé a' breathnú air. Chroch sé aníos é agus ní raibh ann ach go raibh sé roinnt sleamhain leath-bhruigte. "Níl sé sáthach fada thíos fós agam" adeir sé.

Chaith sé síos aríst é. Nuair a bhí sé sgathamh thíos aríst thóg sé aríst é 's nuair a chroch sé aníos é thuit leath an chloiginn síos aríst sa bpota. Chaith se síos an tríomhadh huair an cloigeann agus nuair a ghabh sé aríst dá thóruidheacht ní raibh blas ar bith den cloigeann nach raibh leaighthe ach na chámhanna agus na cnámhanna sgaptha sa bpota.

B'fhada le muinntir an tighe annsin a bhí sé sa seomra mar dubhairt sé nach mbeadh sé aon achar dá leigheas, agus tháinig duine acab ag an dorus féachaint a raibh sé leigheasta aige. "Níl mé réidh fós" adeir sé. Dubhairt sé leis féin annsin go raibh an mío-ádh mór déanta aige agus séard a rinne sé a dhul a' daingniú chuile bholta dá raibh ar an dorus mar bhí fhios aige gurb é a mharbhú a déanfaidhe. Is gearr gur bualadh an dorus annsin aríst. "Níl mé réidh fós" adeir sé. "Ó leig isteach mé" adeir an té a bhí ag an dorus. "Ní leigfead" adeir seisean. "Do bhuachaill beag cosnochtuighthe atá ann. "Más tú atá ann" adeir an gabha, "anois a theastuigheanns tú" agus tháinig an buachaill beag isteach sa seomra. "Céard atá déanta a'd" adeir sé leis an ngabha. "An mío-adh mór" adeir seisean, "rud a rinne mé ariamh." "Meas tú" adeir an buachaill beag, "a' bhfuil blas ar bith le chéile sa bpota de?" "Tá fhios a'm nach bhfuil" ar seisean, "mara bhfuil aon chráimhín ann."

Tharraing an buachaill beag spúnóg as a phóca féin agus chuir sé síos sa bpota í agus chroch sé cráimhín as agus chaith sé an cráimhín aríst sa bpota agus chuir sé an spúnóg síos aríst nuair a bhí sé tamaillín eile thíos aige, agus thóg sé aníos é agus bhí an cloigeann ina chéile annsin. Bhí an cloigeann ceart annsin. Leag sé ar an duine uasal é agus ní tuisge a bhí sé leagtha air ná chuir an duine uasal a shean-gháire as. Bhí sé leigheasta ar an nóiméad. Ar ndó bhí deifir an an ngabha annsin a' leigint na ndaoine aníos a bhí sé dhá gcoinneáilt síos cheana. Coinnigheadh sa teach é tamall eile agus nuair a bhí sé ag imtheacht uaidh sin thug sé mála airgid dhó.

Sé an buachaill beag a bhí ag iomchur an tríomhadh mála agus nuair a bhí píosa siubhalta aca d'iarr sé luach péire bróg, go raibha chosa tinn. "Ó" adeir an gabha "bíodh an mála agus a bhfuil ann uile go léir agat, is tú a shaothruigh é." "Tá mise sásta ó tharla m'anam agam féin. Ní mise a shaothruigh é." "Dá ndeirteá é sin i dtosach" adeir an buachaill beag, "ní bheadh ann ach an chead iarraidh, ach sé an chaoi a dtáinig mise a'magadh fút i dtosach. "A' gcuimhnigheann tú ar an lá a dtainig an fear chugat ag iarraidh an t-iarann a chur ar do chapall bán?" "Cuimhnigheann go maith" adeir an gabha. "A' gcuimhnigheann tú ar an lá a dtáinig an fear go dtí thú a raibh an dá sheanbhean aige ag iarraidh ort cailín óg a dhéanamh díobh?" "Cuimhnighim go maith" adeir an gabha. "Well mise a bhí annsin chaon lá acab" adeir sé, "agus sé an chaoi a dtáinig mé a' magadh fútsa, a' déanamh grinn leat agus nuair a chonaic mé annsin an cleas a rinne mé ort tháinig mé aríst go ndéanainn roinnt maitheas ina leaba. Seo anois" adeir sé, "an mála airgid seo agus téirigh abhaile agus ná déan aon bhlas dochtúracht aríst ach an chéird a bhí cheana agat. Déan iarann céachta. Sin a bhfuil tú i ndon a dhéanamh. Tá do shean-chapall bán ar bhain tú na cosa dó tá sé beo romhat sa ngarrdha nuair a ghabhfás tú abhaile. Agus tá do dhá sheanbhean ar chaon taobh den teaghlach mar bhíodar ariamh. Fan sa mbaile go deo aríst. Tá mise réidh leat." D'imthigh an buachaill annsin uaidh.

Gach duine le na cheird féin.

I mBaile na Cille, Gorumna dom

23 lá de Bhealtaine 1933

Ag á n-a athair Pádraic Ó Clocharta a chuala an sgéalaidhe an sgéal seo. Bhí an t-athair i ndon Gaedhilge a léigheadh. Tá sé caillte le chúig bhliana fichead.